Clár Spéisiúil

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi chlár spéisiúil speisialta a chraolfar ar TG4. Féach ar an tuairisc cúpla uair agus pléigh féin agus an duine in aice leat na ráitis seo. An bhfuil siad fíor nó bréagach?

Ráiteas	Fíor/Bréagach
1. Bhí foireann TG4 an-ghnóthach inniu	
2. Tá ceannáras TG4 i mBaile Átha Cliath	
3. Cúigear fear atá in iomaíocht d'uachtaránacht na hÉireann	
4. Díospóireacht dhátheangach a bheidh i gceist	
5. Tá rogha teanga ceadaithe leis an díospóireacht a dhéanamh	
6. *Árasán 2011* ainm an chláir	
7. Bíonn a lán díospóireachtaí dátheangacha den sórt ar TG4	
8. Cuirfear ceisteanna faoi chúrsaí eacnamaíochta na hEorpa	
9. D'éirigh go maith le díospóireacht na gceannairí roimhe seo	
10. Mairfidh an clár dhá uair an chloig	

Ceist 2 Féach an tuairisc arís. Bhí an leagan Gaeilge de na frásaí seo le cloisteáil inti. An féidir leat iad a aimsiú?

1. *the television station's headquarters*: _____
2. *rooms were being prepared*: _____
3. *the presidential candidates*: _____
4. *a bilingual televised debate*: _____
5. *chaired by the broadcaster*: _____
6. *participant:* _____
7. *language choice:* _____
8. *leaders' debate:* _____
9. *different:* _____
10. *subtitles*: _____
11. *analysis*: _____

Ceist 3 '…*cúigear fear agus beirt bhan*…'

a) Cad iad na huimhreacha atá i gceist thuas? Pléigh na rialacha a bhaineann leo leis an duine in aice leat.
b) Cuirigí an fhoirm cheart de na hainmfhocail tar éis na n-uimhreacha sa bhosca thíos.

	Fir	Mná	Craoltóirí	Seanadóirí	Othar
amháin					
beirt					
triúr					
ceathrar					
cúigear					
seisear					
seachtar					
ochtar					
naonúr					
deichniúr					

Ceist 4 '…*idir lámha*…'

Tá go leor frásaí sa Ghaeilge a bhfuil lámh / lámha mar chuid díobh. An féidir leat féin agus an duine in aice leat na colúin thíos a cheangal?

1. Fuair tú *an lámh in uachtar* ar an duine sin *2.* Bhí siad ag obair *as lámha a chéile* 3. Rinne tú *lámh mhaith* ar sin *4.* Tháinig sé ar cuairt chugam agus bhí *a dhá lámh chomh fada le chéile* 5. *Níl lámh nó cos ar* an duine sin	a. Ní raibh aon rud leis b. Bhuail tú bob ar an duine sin. c. Ní féidir leis an duine sin aon rud a dhéanamh. d. Bhí siad ag obair le chéile e. Rinne tú jab maith de sin

Cuir na focail a bhfuil *cló iodálach* orthu sa cholún ar chlé in abairtí lena mbrí a léiriú.

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil post an Uachtaráin tábhachtach, dar leat? Cén fáth?

Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach bean a bheith mar Uachtarán, dar leat?

Cé dó a dtabharfá do vóta ar an 27 Deireadh Fómhair 2011? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Ráiteas	Fíor/Bréagach
1. Bhí foireann TG4 an-ghnóthach inniu	**Fíor**
2. Tá ceannáras TG4 i mBaile Átha Cliath	**Bréagach**
3. Cúigear fear atá in iomaíocht d'uachtaránacht na hÉireann	**Bréagach**
4. Díospóireacht dhátheangach a bheidh i gceist	**Fíor**
5. Tá rogha teanga ceadaithe leis an díospóireacht a dhéanamh	**Fíor**
6. *Árasán 2011* ainm an chláir	**Bréagach**
7. Bíonn a lán díospóireachtaí dátheangacha den sórt ar TG4	**Bréagach**
8. Cuirfear ceisteanna faoi chúrsaí eacnamaíochta na hEorpa	**Bréagach**
9. D'éirigh go maith le díospóireacht na gceannairí roimhe seo	**Fíor**
10. Mairfidh an clár dhá uair an chloig	**Bréagach**

Ceist 2

1. *the television station's headquarters*: **ceannáras an stáisiúin teilifíse**
2. *rooms were being prepared*: **bhí seomraí á réiteach**
3. *the presidential candidates*: **iarrthóirí uachtaránachta**
4. *a bilingual televised debate*: **díospóireacht dhátheangach teilifíse**
5. *chaired by the broadcaster*: **faoi chathaoirleacht an chraoltóra**
6. *participant:* **rannpháirtí**
7. *language choice:* **rogha teanga**
8. *leaders' debate:* **díospóireacht na gceannairí**
9. *different:* **éagsúil**
10. *subtitles*: **fotheidil**
11. *analysis*: **anailís**

Ceist 3

a) Na huimhreacha pearsanta atá i gceist.

- Baintear úsáid as an ghinideach iolra den ainmfhocal.
- Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis ***beirt*****.**
- Ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis ***beirt*** má thosaíonn an t-ainmfhocal le d, s, t, l, n.
- Ní féidir an focal 'duine' a úsáid mar go bhfuil sé mar chuid de na huimhreacha pearsanta cheana féin (cúigear = cúig duine).

b)

	Fir	Mná	Craoltóirí	Seanadóirí	Othar
amháin	fear amháin	bean amháin	craoltóir amháin	seanadóir amháin	othar amháin
beirt	fhear	bhan	chraoltóirí	seanadóirí	othar
triúr	fear	ban	craoltóirí	seanadóirí	othar
ceathrar	fear	ban	craoltóirí	seanadóirí	othar
cúigear	fear	ban	craoltóirí	seanadóirí	othar
seisear	fear	ban	craoltóirí	seanadóirí	othar
seachtar	fear	ban	craoltóirí	seanadóirí	othar
ochtar	fear	ban	craoltóirí	seanadóirí	othar
naonúr	fear	ban	craoltóirí	seanadóirí	othar
deichniúr	fear	ban	craoltóirí	seanadóirí	othar

Ceist 4

1	2	3	4	5
b	**d**	**e**	**a**	**c**

Ceist 5

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Áine Lally
Bhí go leor ullmhúcháin idir lámha ag foireann TG4 ag ceannáras an stáisiúin teilifíse i gContae na Gaillimhe i rith an lae. Bhí seomraí á réiteach don chúigear fear agus beirt bhan atá san iomaíocht le bheith ina gcéad uachtarán eile ar Éirinn. Glacfaidh na hiarrthóirí uachtaránachta uile[i] páirt i ndíospóireacht dhátheangach teilifíse faoi chathaoirleacht an chraoltóra, Páidí Ó Lionáird.

Áras 2011 teideal an chláir nuálaigh seo agus is é an chéad díospóireacht[ii] dhátheangach dá leithéid ar TG4 é.

Páidí Ó Lionáird
Ná cailligí *Áras 2011* ar TG4, Dé Máirt seo chugainn, óna seacht a chlog.

Áine Lally
Cuirfidh seachtar de na hiarrthóirí iad féin i láthair agus beidh siad i mbun plé dátheangach[iii] ina dhiaidh sin. Déanfaidh chuile rannpháirtí ráiteas gearr i nGaeilge i dtosach. Ina dhiaidh sin leanfaidh díospóireacht thart ar cheathracha[iv] nóiméad agus beidh rogha teanga ceadaithe do na hiarrthóirí. Críochnóidh an plé le ráiteas gearr Gaeilge ó chuile iarrthóir chomh maith.

Pól Ó Gallchóir, Ardstiúrthóir TG4
Beidh ceisteanna á gcur a bhaineann leis an tír ar fad, le cúrsaí eacnamaíochta na tíre, cúrsaí Gaeilge, cúrsaí cultúrtha agus go leor cúrsaí eile, *so* sílim go mbeidh an díospóireacht, go mbeidh sé éagsúil agus ag súil go mór leis.

Áine Lally
D'éirigh thar barr le díospóireacht na gceannairí ar TG4 le linn fheachtas an olltoghcháin san earrach. Theastaigh ón gcainéal díospóireacht teilifíse a sholáthar idir iarrthóirí do thoghchán uachtaránachta 2011 freisin.

Pól Ó Gallchóir, Ardstiúrthóir TG4
D'éirigh go maith le díospóireacht na gceannairí agus bhí suas le sé chéad míle duine ag breathnú ar an chlár sin. *So*, mar sin creidim, iarracht atá ann an caighdeán céanna a choinneáil, go bhfuil iomaíocht ann idir craoltóirí teilifíse, agus go bhfuil muidne cinnte go mbeidh an caighdeán chomh hard sin againne agus atá ag craoltóirí eile.

Áine Lally
Beidh fotheidil ar *Áras 2011* nuair a chraolfar é amárach, ag a seacht a chlog. Clár uair go leith a bheas i gceist le díospóireacht agus anailís. Áine Lally, Nuacht TG4.

[i] *uilig* a deirtear
[ii] *dhíospóireacht* a deirtear
[iii] *dhátheangach* a deirtear
[iv] *ceathracha* a deirtear